

An Garda Síochána

Bileog Eolais um Chosc ar Choireacht



Slándáil Feithicle Rothair



Réamhrá

Le costais breosla ag méadú de shíor, bíonn níos mó agus níos mó daoine ag úsáid rothair chun críocha taistil. Tá sábháilteacht, ar ndóigh, ríthábhachtach agus tá sé thar a bheith tábhachtach go bhfuil rothair á n-úsáid ar mhodh atá slán. Caith treallamh sábháilteachta cuí ar gach uairibh. Cinntigh go bhfuil an rothar á choinneáil sábháilte go meicniúil le coscáin maithe, soilse / frithchaiteoirí cuí, boinn den scoth agus mar sin de. Tá sé tábhachtach freisin áfach machnamh a dhéanamh ar shlándáil mar gheall ar go mbíonn rothair go minic ina sprioc éasca do ghadaithe. Léiríonn figiúirí do bhlianta beaga anuas go mbíonn os cionn 2000 rothar in aghaidh na bliana tógtha gan cead údaraithe an úinéara. Is féidir leis an gcomhairle a thugtar sa bhileog eolais seo cuidiú leis an mbaol atá ag baint le rothar a bheith goidte a laghdú.

Réamhchúraimí Bunúsacha

Nuair a fhaigheann tú do rothar i dtosach tá roinnt ábhar go mba cheart duit freastail air:-

- Tóg ar a laghad aon ghrainghráf daite amháin ar leith de do rothar.
- Coinnigh taifead scríofa den déanamh, múnla agus uimhir fráma an rothair agus aon ghnéithe úrnua a bhféadfar a bheith ag an rothar mar shampla breis feistithe, ceangailtí, marcanna agus mar sin de. Cuimhnigh freisin iad a uasdhátú de réir mar a éiríonn an rothar níos sine – ní dócha go mbeidh sé fós ina riocht nua agus is dócha go mór go mbeidh loig agus scrabhadh air.



- Cuir marc slándála ar do rothar in dhá áit ar leith ar a laghad. Ba cheart go mbeadh do mharc slándála feiceálach go soiléir agus gan a bheith in ann a bheith bainte de go héasca nó é a bheith duaithníochta. Féadfar gur gá duit, go háirithe le rothair fráma éadrom (cuir i gcás cóimhiotal alúmanaim), é seo a bheith déanta agat le speisialtóir nó le duine atá cáilithe go hoiúinach. Déan machnamh ar an bhfíric a fhógairt freisin go bhfuil marc slándála curtha ar an rothar le lipéad/greamaitheoir cuí agus mar sin de. Tá comhairle maidir le marcáil slándála le fáil inár nduilleog eolais ar leith nó ó d'Oifigeach um Chosc ar Choireacht áitiúil.
- Déan machnamh a chinntiú go bhfuil árachas ar do rothar, cibé trí pholasaí ar leith nó trí do chuid árachais baile ar a bhfuil ann.
- Ba cheart d'úinéirí ar rothair an-luachmhar machnamh a dhéanamh ar gléas leictreonach rianaithe curtha isteach faoi cheilt taobh istigh den fráma.

Slándáil sa bhaile

Nuair a bhíonn tú sa bhaile, ba cheart do do rothar a bheith á choinneáil in áit shlán as radharc an phobail. Seachain a bheith ag fágáil do rothar gan freastail i do chabhosa, fiú le haghaidh tréimhsí gearra. Baintear úsáid as garáistí agus botháin go minic agus ba cheart iad seo a bheith coinnithe faoi ghlas. Is maith an smaoineamh é do rothar a dhaighniú taobh istigh den gharáiste/bothán trí rud dobhogtha a fheistiú nó a chur faoi ghlas don bhalla. Má choinnítear amuigh faoin spéir é, daighnigh an roth do rud dobhogtha – ná fág é ina luí thart agus gan glas a bheith air.

Slándáil in áiteanna poiblí

Nuair a bhíonn tú taobh amuigh agus thart timpeall na háite ar do rothar tá roinnt réamhchúraimí a ba cheart duit a thógáil.

- Glasáil do rothar i gcónaí, fiú má fhágann tú é ar feadh achair gearra.
- Glasáil do rothar le rud dobhogtha cuir i gcás ráille miotal nó cuaille lampa. Bí san airdeall, má bhaintear úsáid as cuaille lampa, ar an bhféidearacht an rothar glasáilte a ardú thar an gcuaille lampa.
- Glasáil do fráma agus do chuid rotha más féidir leat in aon chor é.
- Áit a bhfuil páirceanna rothair le fáil, bain úsáid astu.

Le haghaidh tuilleadh eolais air seo nó ar aon shaincheisteanna eile maidir le Cosc ar Choireacht, déan teagmháil le do thoil le

d'Oifigeach Garda um Chosc ar Choireacht áitiúil

nó

tabhair cuairt ar láithreán gréasáin an Gharda Síochána ag www.garda.ie

- Tóg gach gabhálas agus rudaí atá éasca a bhaint de in éindí leat.
- Déan machnamh ar luamhain mearscaoilte a chur in áit cnónna agus boltaí speisialta glasála.
- Ná fág / páirceáil do rothar in áiteanna iarghúlta, dorcha nó in áit atá soilsithe go doiléir
- Déan iarracht gan do rothar a fhágáil / a chur faoi ghlas san áit chéanna gach lá.

Ag cur do rothair faoi ghlas

Is iomaí cineál glas atá le fáil gur féidir leat a úsáid chun rothar a chur faoi ghlas. Nuair a bhíonn tú ag roghnú glais ba cheart duit machnamh a dhéanamh ar cé mhéid is fiú do rothar, cá bhfágfaidh tú é, cé chomh fada a bheidh sé fágtha gan freastal agus neart agus meáchan an ghlais agus mar sin de. Tá an chuid is mó de na rothair glasáilte ag baint úsáide as na modhanna seo a leanas -

- Glais D / Glais U
- Glais Cábla
- Slabhra agus Glais faircín, agus
- Glais cliceáilte.

D glais / U glais – Tá siad seo ina nglais cruacha docta i gcruth D nó U. Tá siad trom agus láidir i gcoitinne, cé gur féidir leis an neart athrú agus tá sé seo le haithint sa bpraghas. Ta teorainn le cén áit gur féidir leat na glais seo a úsáid cuir i gcás b'fhéidir nach bhfeisteoidh siad thart timpeall go leor cuailí lampa.



Glais cábla – Tá siad seo solúbtha agus is féidir iad a úsáid in go leor staidéanna. Is féidir le cáblaí ar ndóigh athrú go mór i meáchan agus i neart araon. Is féidir le cáblaí saora agus caola a ghearradh go héasca i gcónaí agus mar gheall air sin ba cheart gan iad a úsáid mar mhodh glasála amháin.



Slabhra agus glais faircín – athróidh siad seo i meáchan agus i neart araon. Is féidir leis na cinn is troime a bheith tuthalach a iompar thart agus a chur mórthimpeall ar

frámaí agus ar chuailí lampa nó ráillí. Ní thugann slabhraí dea-cháilithe crua agus glais faircín aon shlándaíl maith. Ta sé tábhachtach áfach an slabhra agus an glas a choinneáil ós cionn na talún/an chosáin nó i gcoinne ballaí nuair a bhíonn do rothar daighnithe mar gheall ar gur féidir leis an slabhra nó leis an nglas a bheith briste go héasca le hord nó le siséal fuar más ag luí ar na réimsí seo atá sé.



Cioinnigh do shlabhra mar an gcéanna clúdaithe chomh docht agus is féidir thart timpeall an fráma agus an rud dobhogtha ar a bhfuil tú ag cur glais – is féidir leis seo cuidiú le gadaithe a stopadh ó barra 'sparra' a chur isteach i spásanna agus i mbearnaí agus ag fórsáil an slabhra nó an glas ó chéile. Ar chúiseanna mar an gcéanna, moltar glais faircín geimhle dúnta de rogha ar glais faircín geimhle oscailte.

Glais Cliceáilte – Ní bhíonn siad an-choitianta. Feistítear iad don fráma i gcoitinne thar an roth cuil, faoi bhun agus cóngarach don suíochán. Glasáileann siad do roth don fráma, dá dhroim sin ag stopadh duine ó bheith ag rothaíocht ar shiúl go simplí ach ní thugann siad aon chosaint ar dhuine a fhocann suas an rothar agus a shiúlann ar shiúl leis.

Níl sé ar intinn an chomhairle atá sa bhileog eolais seo a bheith uileghabhálach nó iomlán.

Ní cheart aon cheo atá san fhoilsiúchán seo a fhorléiriú mar éigeantach, oibleagáideach nó ceaptha dul i gcoinne aon rialacháin reachtúla.

Teagmhálaithe agus Nascanna Úsáideacha

Aonad Náisiúnta an Gharda Síochána um Chosc ar Choireacht,

Ceanncheathrú an Gharda Síochána,
Cearnóg Fhearchair, Baile átha Cliath 2.
Fón: (01) 6663362, Facs: (01) 6663314
Ríomhphost: crime_prevention@garda.ie

An Garda Síochána

www.garda.ie

Sold Secure

www.soldsecure.com